Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10858 – RAFFLES / APG / CMGO / TSH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 349/06)

1. An 2 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Raffles Leven Limited ("Raffles", an Ríocht Aontaithe), ar le GIC Realty (Singeapór) é,

— Stichting Depositary APG Strategic Real Estate Pool ar chuntas agus ar riosca APG Strategic Real Estate Pool ("APG", an Ísiltír) atá faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ("ABP", an Ísiltír),

— MacGregor TSH 2 B.V. ("CMGO", an Ísiltír),

— TSH Grafton B.V. ("TSH", an Ísiltír).

Faigheann Raffles, APG agus CMGO rialú comhpháirteach ar TSH de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— TSH: cuideachta arb é a príomhréimse gnó oibriú an ghrúpa The Student Hotel, ar gnólacht fáilteachais hibrideach é a bhfuil 15 ionad réadmhaoine á n-oibriú aige san Aontas,

— Raffles: fochuideachta indíreach GIC Realty, atá ag díriú ar úinéireacht sócmhainní eastáit réadaigh thar ceann rialtas Shingeapór,

— APG: taisclann le haghaidh ciste infheistíochta arb é a úinéir tairbhiúil deiridh ABP, ar eagraíocht riaracháin pinsean de chuid na hÍsiltíre é a dhéanann speisialtóireacht sa réimse comhphinsean san earnáil phoiblí,

— CMGO: cuideachta a dhéanann ionadaíocht ar leas bhunaitheoir an ghrúpa The Student Hotel.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10858 – RAFFLES / APG / CMGO / TSH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË